Timpeallán trioblóideach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thimpeallán Kirwan i gCathair na Gaillimhe. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann sibh iad?

1. feachtas _____
2. grúpa timpeallachta _____
3. a bhainistiú _____
4. beartaithe _____
5. áis oideachais agus sláinte _____
6. croílár _____
7. éiceolaíocht _____
8. obair athchóirithe _____
9. cumar _____
10. brú tráchta _____
11. scamhóga _____
12. cuir i gcrích _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Cén Ghaeilge atá ar na téarmaí seo?

- *ecosystem*
- *wildlife*

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1. Cén fhadhb a bhaineann le timpeallán Kirwan?
2. Cá bhfuil an timpeallán?
3. Cén fáth a bhfuil an grúpa timpeallachta i gcoinne na n-oibreacha bóthair?
4. Cad a dúirt Micheline Sheehy Skeffington agus Michael Tiernan sa tuairisc?
5. Cén fad a thógfaidh an obair agus cén costas a bheidh uirthi?

Ceist 3 '…an obair atá beartaithe…'

A. Féach ar an tuairisc arís agus breac síos na samplaí eile den aidiacht bhriathartha a úsáideann Irene Ní Nualláin.

B. Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis an bhfoirm cheart den bhriathar – is é sin, an aidiacht bhriathartha.

- Bheadh an obair _____ (críochnaigh) agam faoin am seo dá mbeadh na leabhair chearta agam.
- Ní bhfuair mé an bainne mar bhí an siopa _____ (dún).
- Nach bhfuil an dinnéar _____ (déan) agat fós? Tá mé caillte leis an ocras.
- Níl an t-iarrthóir sin _____ (cáiligh) go leor don phost.

- Beidh an leabhar _____ (léigh) aici faoi dheireadh an lae.
- Bíodh gach pointe sna nótaí a thug mé daoibh _____ (foghlaim) agaibh.
- Ní raibh mé in ann an aiste a léamh mar ní raibh sí _____ (clóscríobh).
- Féach! Tá na glasraí atá díreach _____ (ceannaigh) agat _____ (lobh)!

Ceist 4 An féidir leat a mhíniú cén fáth a bhfuil séimhiú in úsáid i gcás na samplaí seo thíos ón mír nuachta? Mura bhfuil tú cinnte, pléigh na pointí leis an duine in aice leat.

- ‘don choill’
- ‘ar bhruach’
- ‘cúig bhóthar’
- ‘Cathair Ghlas’
- ‘an choill’

Ceist 5 ‘…ar bun…’

Tá a lán nathanna cainte sa Ghaeilge a bhfuil an focal ‘bun’ iontu. Cuir na cinn seo thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

- bun ná barr
- bun ar an aimsir
- i mbun
- bun fírinne

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén tábhacht a bhaineann le spásanna glasa a bheith i gcathracha?
2. Cén réiteach atá ar fhadhb thráchta an timpealláin, dar leat?
3. Is minic a chuireann forbairt uirbeach isteach ar éiceachórais. Cén réiteach atá ar an bhfadhb sin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. feachtas	*campaign*
2. grúpa timpeallachta	*environmental group*
3. a bhainistiú	*manage*
4. beartaithe	*planned*
5. áis oideachais agus sláinte	*an educational and health resource*
6. croílár	*centre, core*
7. éiceolaíocht	*ecology*
8. obair athchóirithe	*restoration work*
9. cumar	*junction*
10. brú tráchta	*traffic jam, congestion*
11. scamhóga	*lungs*
12. cuir i gcrích	*achieve, complete*

ecosystem – éiceachóras
wildlife – fiadhúlra

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
A: beartaithe (x2), bronnta agus luaite
B:
- Bheadh an obair **críochnaithe** agam faoin am seo dá mbeadh na leabhair chearta agam.
- Ní bhfuair mé an bainne mar bhí an siopa **dúnta**.
- Nach bhfuil an dinnéar **déanta** agat fós? Tá mé caillte leis an ocras.
- Níl an t-iarrthóir sin **cáilithe** go leor don phost.
- Beidh an leabhar **léite** aici faoi dheireadh an lae.
- Bíodh gach pointe sna nótaí a thug mé daoibh **foghlamtha** agaibh.
- Ní raibh mé in ann an aiste a léamh mar ní raibh sí **clóscríofa**.
- Féach! Tá na glasraí atá díreach **ceannaithe** agat **lofa**!

Ceist 4
- ‘don choill’: *Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail dar tús **b, c, f, g, m** agus **p** i ndiaidh ‘do’ agus ‘don’ de ghnáth.*
- ‘ar bhruach’*: Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail a leanann **ar** nuair is ionad áirithe atá i gceist.*
- ‘cúig bhóthar’: *Séimhítear ainmfhocail dar tús consan tar éis na mbunuimhreacha 2-6.*
- ‘Cathair Ghlas’: *Séimhítear aidiacht a leanann ainmfhocal baininscneach.*
- ‘an choill’: *Séimhítear ainmfhocail bhaininscneacha dar tús consan (seachas ainmfhocail bhaininscneacha a thosaíonn le **d, s** agus **t**) tar éis an ailt uatha sa tuiseal ainmneach.*

Ceist 5
- bun ná barr – níl bun ná barr ar an scéal – *it’s a meaningless story*
- bun ar an aimsir – tá bun ar an aimsir inniu agus beidh mé ag sú na gréine ar ball – *the weather is settled*
- i mbun – tá mé i mbun oibre – *I’m working, attending to my work*
- bun fírinne – tá bun fírinne lena ndúirt sé – based on fact

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá feachtas ar bun ag grúpa timpeallachta i gCathair na Gaillimhe le Coill Thír Oileáin a chosaint ón bplean atá ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe le trácht sa gceantar[1] a bhainistiú. Deir an grúpa go ndéanfadh an obair atá beartaithe dochar don choill.

Irene Ní Nualláin
Breis is céad míle crann atá ag fás i gCoill Thír Oileáin ar bhruach Abhainn na Gaillimhe. Áis oideachais agus sláinte atá sa gcoill[2] agus croílár éiceolaíochta na cathrach atá ann. Tá plean ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe bóthar a thógáil tríd an gcoill mar chuid d'obair athchóirithe atá beartaithe ar thimpeallán Kirwan ar imeall na cathrach. Baineann ceathracha míle feithicil agus míle coisí úsáid as an timpeallán chuile[3] lá. Cumar atá sa timpeallán ag cúig bhóthar agus is minic a bhíonn brú tráchta ann.

Micheline Sheehy Skeffington, Iar-Léachtóir le Luibheolaíocht OÉG
Tá sé cosúil le scamhógaí[4] na cathrach. Níl áit cosúil leis sin in (aon) áit (eile) i gCathair na Gaillimhe. Agus tá sé cosúil le pasáiste glas nó *wildlife corridor* ... do na hainmhithe ag dul ó áit go háit[5]. Má bhriseann tú suas é sin … agus tar éis sin níl an pasáiste agus an *ecosystem* ... níl sé coimeádta suas.

Michael Tiernan, Lucht Feachtais Choill Thír Oileáin
Tá muid i gcoinne bóthar dul tríd an pháirc[6], mar tá sé an-tábhachtach do na daoine spás a bheith acu dul tríd an pháirc agus d'intinn daoine. Mar tá a lán daoine ann inniu agus tá galar intinne acu, agus tá sé an-tábhachtach spás (a bheith) acu dul thart agus siúlóid (a bheith acu) istigh[7] sa pháirc sin.

Irene Ní Nualláin
Tá stádas Cathair Ghlas na hEorpa bronnta ar Chathair na Gaillimhe i mbliana, agus tá lucht feachtais ar a ndícheall ag iarraidh an choill a chosaint.

1.2 milliún euro an costas atá luaite leis an obair athchóirithe ar thimpeallán Kirwan agus meastar go dtógfaidh sé dhá bhliain an obair seo a chur i gcrích. Cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe tús le comhairliúchán poiblí faoin obair atá beartaithe ag deireadh na míosa.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4 i gCathair na Gaillimhe.

[1] Córas Chonnacht
[2] Córas Chonnacht
[3] *gach uile* an leagan caighdeánach
[4] *scamhóga* an leagan caighdeánach
[5] *go háit go háit* a deirtear
[6] Córas Uladh
[7] *isteach* a deirtear